

Comhar lasmuigh den AE

Ar shuíomh gréasáin an Ghréasáin Brehithiúnaigh Eorpaigh, tá [rannán tiomnaithe ann ina soláthraitear faisnéis maidir le tíortha nach Ballstát den Aontas iad agus maidir le gréasán brehithiúnacha lasmuigh den Aontas.](#)

Airtear leis an rannán sin sonraí teaghmála do Phointí Teaghmála an Ghréasáin Brehithiúnaigh Eorpaigh i dtíortha nach Ballstát den Aontas iad agus do bhail de ghréasán brehithiúnacha ar fud an domhain. Trí theagmháil a dhéanamh le Pointí Teaghmála an Ghréasáin Brehithiúnaigh Eorpaigh ina mBallstát féin, is féidir le cleachtóirí caidreamh a dhéanamh le húdaráis brehithiúnacha ar fud an domhain.




Maidir le suíomh gréasáin an Ghréasáin Brehithiúnaigh Eorpaigh:

- ▶ Cruthaíodh in 2000 é
- ▶ Tá sé ina bhunáit do Phointí Teaghmála an Ghréasáin Brehithiúnaigh Eorpaigh, áit a bhfuil rannán shrianta atá tiomnaithe dóibh
- ▶ Tá sé faoi bhainistiú ag Rúnaíocht an Ghréasáin Brehithiúnaigh Eorpaigh agus ag comhfheagraithe urlísí an Ghréasáin
- ▶ Tá sé aistrithe go teangacha oifigiúla AE (ar bhonn leanúnach)
- ▶ Bunús dli: [Cinneadh 2008/976/CGB ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach](#) (an “Cinneadh maidir leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach”)



Suíomh gréasáin an Ghréasáin Brehithiúnaigh Eorpaigh



Rúnaíocht EJN

Johan de Wittlaan 9 • 2517 JR An Háig • An Ísiltír
Facs: +31 (0) 70 412 5570 • Ríomhphost: ejn@eurojust.europa.eu

www.ejn-crimjust.europa.eu

Ardán cuimsitheach ar líne ar a bhfuil urlísí praiticiúla leictreonacha agus faisnéis ábhartha le haghaidh comhar a éascú idir údarás a dhéileálan le comhar breithiúnach idirnáisiúnta in ábhair choiriúla.

www.ejn-crimjust.europa.eu

Na huirlisí leictreonacha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh:

Atlas

rud is féidir a úsáid chun teacht ar údarás inniuil a fhorgníomhaíonn iarrataí ar chomhar breithiúnach, mar aon lena shonrái teagmhála

Coimre

rud is féidir a úsáid chun iarrataí a dhréachtú agus a sheoladh – ar fáil i ngach teanga oifigiúil AE!

- Iarraidh eiseamláireach ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach
- Ordú Imscrúdaithe Eorpaigh
- Ordú reo
- Ordú coigistíochta
- Cineálacha eile ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh AE

Fiches Belges

rud is féidir a úsáid chun a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag beart breithiúnach ar leith i dtír eile agus chun faisnéis a fháil faoin teanga atá le húsáid agus faoin bhfaisnéis atá le cur ar áireamh

Leabharlann Bhreithiúnach

rud is féidir a úsáid chun teacht ar fhaisnéis faoi ionstraimí dlí AE agus ar fhaisnéis a fhoinsítear le haghaidh fógraí, foirmeacha, tuarasclácha, lámhleabhar, etc.

Liosta Pointí Teagmhála

rud is féidir a úsáid chun teacht ar Phointí Teagmhála an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh (cosanta ag pasfhocal)

Agus 2.5 milliún amharc á bhfáil aige ar an meán gach bliain, tá suíomh gréasáin an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh ina fhoinsí ríthábhachtach faisnéise riachtanaí do chleachtóirí go fóill. Ceann de na príomhchúraimí atá ar Rúnafocht an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh, dá bhrí sin, is ea cailíocht inneachar an ardáin a áirithíú.

Cé na nithe eile is féidir leat a fháil ar shuíomh gréasáin an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh?

- ▶ Rannáin thiomnaithe ar an [Ordú Imscrúdaithe Eorpaigh](#), ar an [mBarántas Gabhála Eorpaigh](#) agus ar [fhianaise leictreonach](#)
- ▶ [Stádas cur chun feidhme](#) ionstraimí dlí an Aontais sna Ballstáit
- ▶ [Faisnéis faoi chórais náisiúnta](#) (na Ballstáit AE, tíortha comhlachaithe agus tíortha is iarrthóirí)
- ▶ [Compháirtithe an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh](#)
- ▶ Rannáin [imeachtaí](#) agus [nuachta](#), áit ar féidir forbreathnú a fháil ar chruinnithe de chuid an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh atá le teacht agus ar imeachtaí compháirtithe, mar aon leis na forbairtí is déanaí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla

Chun tuilleadh faisnéise a fháil

- ▶ Téigh chuig na [leathanaigh ar Threoir Phraiticiúil ón Gréasán Breithiúnaigh Eorpaigh ar shuíomh gréasáin an Ghréasáin](#)
- ▶ Tá físeán ar fáil, amhail [físeán ina dtugtar túis eolais ar shuíomh gréasáin an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh](#) agus [físeán teagaisc ar urlísí difriúla](#)

Topics in focus

Practical information about relevant legislation promoted by the European Union for judicial cooperation in criminal matters



EAW
Europol - Criminal Network



EIO
Europol - Investigation Order



e-Evidence
Instruments and guides

EJN Tools for Judicial Cooperation

Judicial Atlas → <small>Identification of the locally competent authority</small>	Compendium → <small>Drafting requests for judicial cooperation</small>	Fiches Belges → <small>Practical information on specific sets of measures</small>	List of Contact Points → <small>Contact details of the EJN Contact Points</small>
Judicial Library → <small>Documents related to the EU legal instruments</small>	Cooperation outside the EU → <small>Cooperation with non-EU countries and judicial authorities</small>	Info about national systems → <small>Organisation, judicial cooperation, links and contacts with EU institutions</small>	